An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga atá faoi Mhíchumas Foghlama ar Leith (SLD)

(san áireamh anseo tá disléicse, dioscalcúile, diosgraife)

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí is do chaomhnóirí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí is do dhaoine óga atá faoi mhíchumas foghlama ar leith agus dá muintir.

Cad is brí le Míchumas Foghlama ar Leith (SLD)?

Bíonn deacrachtaí ag leanaí áirithe maidir le réimsí áirithe foghlama mar léamh, scríobh, litriú agus uimhríocht. Déarfaí go mbeadh míchumas foghlama ar leith ar leanbh dá mba dheacrachtaí áirithe i ndáiríre a bheadh ann agus gan aon bhaint acu le cúiseanna éile, mar shampla an ábaltacht ghinearálta a bheith faoi bhun an mheáin, fadhbanna radhairc nó éisteachta, cúinsí mothúchán nó aicíd fhisiceach.

Féadfaidh na deacrachtaí a bheith éadrom nó trom agus idir eatarthu.

Ar na míchumais foghlama ar leith tá:

- Deacracht léitheoireachta ar a dtugtar disléisce. Bíonn sé dian ar an leanbh focail a léamh nó ábhar scríofa a thuiscint.
- Deacracht uimhríochta ar a dtugtar dioscalcúile. Bíonn sé dian ar an leanbh comhaireamh nó suimiú, baint, méadú agus roinnt a fhoghlaim agus ní thuigtear an córas uimhreacha.
- Deacracht scríbhinne ar a dtugtar diosgraife. Bíonn sé dian ar an leanbh scríobh go soiléir agus bíonn fadhbanna litrithe aige. D'fhéadfadh sé a bheith dian ar an ndalta smaointe a chur in ord chun scéal nó aiste a scríobh.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas foghlama ar leith?

De ghnáth ní aithnítear míchumas foghlama ar leith go foirmiúil go mbíonn an leanbh ar scoil cé go bhféadfaí uaireanta comharthaí áirithe a aithint roimhe sin.

Ní mór a mheabhrú i gcónaí go bhféadfadh a leithéid de dheacrachtaí a bheith coitianta mar chuid d'fhorbairt aon linbh. Ar dtús is mó leanbh a mheascann litreacha nó a chuireann síos iad droim ar ais.

Uaireanta is é an múinteoir ranga a thabharfadh faoi deara a leithéid d'fhadhb bhunúsach. Ní mór measúnú síceolaíoch a fháil chun SLD a aithint go foirmiúil.

D'fhéadfá comhairle a lorg áfach ina leithéid seo de chás:

- 3-5 bliana: leanbh atá chun deiridh seachas leanaí eile maidir le labhairt
- 5-7 bliana: fadhbanna ag an leanbh maidir le fuaimeanna na bhfocal a scaradh óna chéile nó fuaimeanna a chur le chéile chun focal a rá.
- 7-9 bliana: tá an cumas léitheoireachta níos measa ná mar a mbeifeá ag súil leis
- 12 + bliana: fadhbanna ag an leanbh maidir le téacs scríofa a phleanáil, a chur in ord nó in eagar.

Gheofar liosta na dtáscairí úd ar shuíomh idirlín an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) – féach an Liosta Teagmhála anso thíos.

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

An Luath-Óige

Is é an rud is fearr d'aon tuismitheoir a dhéanamh ná spreagadh a thabhairt don leanbh agus aitheantas a thabhairt dá gcuid buanna agus gaiscí féin. Tá sé ríthábhachtach a bheith ag léamh leis an leanbh ón tús agus an t-ábhar léite a phlé.

Ó thaobh forbartha de ní mór teacht a bheith ag an leanbh ar ábhar labhartha agus scríofa. Is mór an chabhair an méid sin dóibh ar ball maidir le léamh, scríobh agus uimhríocht sa seomra ranga.

Tacaíocht a fháil

Más doigh leat go bhfuil deacrachtaí ag an leanbh léamh, scríobh agus uimhríocht a fhoghlaim ba chóir cúnamh a lorg a luaithe agus is féidir mar cuireann a leithéid d'fhadhb isteach ar mheas an linbh air féin. Má tá an leanbh ar scoil b'fhéidir go mba mhaith leat labhairt leis an múinteoir faoi nó leis an bpríomhoide.

D'fhéadfadh an scoil tacú leat agus/nó tú a chur ar do shuaimhneas faoin bhfoghlaim. Más gá, ullmhóidh an múinteoir/scoil plean in éineacht leat chun cabhrú leis an bhfoghlaim is leis an bhforbairt a fheabhsú.

Measúnú Riachtanais

Faoin Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon leanbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. Má tá riachtanais chasta foghlama nó forbartha ag an leanbh, mar shampla míchumas foghlama ginearálta (féach bileog eolais an NCSE faoi mhíchumas foghlama ginearálta, ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE) féadfar Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS. An measúnú déanta, gheobhaidh tú Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Tá breis eolais faoin Measúnú Riachtanais ar fáil ar an suíomh idirlín FSS: www.hse.ie.

Cé go bhféadfadh do leanbh a bheith faoi mhíchumas foghlama ar leith, tá sé ríthábhachtach a thuiscint go n-éiríonn le han-chuid leanaí dá leithéid a saol a chaitheamh go sásta agus an mianach atá iontu a bhaint amach. Tugtar tacaíocht ar scoil dóibh agus is mó duine a bhaineann torthaí maithe amach agus iad ag dul ar aghaidh chun tabhairt faoi bhreisoideachas nó ardoideachas.

Oideachas an Linbh

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí

I bpolasaí na Roinne dírítear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd atá faoi mhíchumas foghlama ar leith san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta, míchumas foghlama ar leith san áireamh, laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

Bunscoil agus Iarbhunscoil

Téann formhór na leanaí atá faoi mhíchumas foghlama ar leith chuig bunscoil agus meánscoil i dteannta cách, ach tacaíocht a bheith acu más gá.

Tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta:

- Tacaíonn an múinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus féadfar ceachtanna nó saothar a oiriúnú don dalta más gá.
- Tugann múinteoir acmhainne nó tacaíocht fhoghlama breis ceachtanna más gá.
- Bíonn leanaí áirithe i dteideal tacaíochtaí breise mar theicneolaíocht chúnta (de réir na gcritéar i gCiorclán ROS 0010/2013).
- Gheofar eolas faoi scéimeanna an ROS ar shuíomh idirlín an ROS ag: www.education.ie.
- Daltaí a mbíonn dálaí ar bhonn buan nó fadtéarmach acu, míchumas foghlama ar leith san áireamh, a chuirfeadh isteach go mór dar leo ar a gcuid oibre sna scrúduithe, féadfaidh siad iarratas a sheoladh ar áiseanna don scrudú i bhfoirm Socruithe Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE). Féach suíomh idirlín Coimisiúin na Scrúduithe Stáit ag: www.examinations.ie.
- Féadfar díolúine ón nGaeilge mar ábhar staidéir a thabhairt. Gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín an ROS ag: www.education.ie.

Téann líon beag daltaí, a mbíonn gá acu le hidirghabháil níos doimhne agus a leithéid a bheith ar fail, chuig scoil nó rang speisialta do leanaí atá faoi mhíchumas foghlama ar leith.

Maireann a leithéid de shocrú go ceann bliain nó dhó agus ansan filltear ar an ngnáthscoil. De ghnáth is iad na critéir chun dul ar scoil/rang speisialta léitheoireachta ná meabhair chinn ar an meán/os a cionn agus difríocht an-mhór idir cumas intinne agus leibhéal litearthachta an dalta. Beidh an dalta tar éis an dara rang a chríochnú agus é/í idir 8-12 bliana d'aois.

Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO)

Cuireann SENO eolas ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanaí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadaíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta. Is acmhainn luachmhar iad na SENO do thuismitheoirí/caomhnóirí. Féadfaidh an SENO cabhrú leat mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúchán oiriúnach scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Oibríonn síceolaithe NEPS le tuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí chun mianach an linbh a fhorbairt go hiomlán. I gcásanna áirithe aontóidh múinteoirí agus tuismitheoirí ar thacaíocht a lorg ón NEPS má chuireann deacrachtaí an linbh isteach ar chumas foghlama agus ar chúrsaí sóisalta.

Tá bileog eolais do thuismitheoirí faoin tseirbhís NEPS ar fáil ar an suíomh idirlín atá ag: www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Educational-Psychologist-NEPS-/.

Eolas breise

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí breis eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***
- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag www.ncse.ie.

Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

An tIonad Sláinte Áitiúil: www.hse.ie.

Suíomhanna idirlín agus eagraíochtaí tacaíochta eile a thugann cabhair:

Dyslexia Association of Ireland: www.dyslexia.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil): www.npc.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil): www.npcpp.ie.

Cumann Síceolaithe Éireann: www.psihq.ie.

Seirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta: www.sess.ie/dyslexia-section/informal-indicators.

Special Needs Parents Association: www.specialneedsparents.ie.

Tabhair faoi deara led thoil gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
Teil: 046 948 6400
Líon: www.ncse.ie
R-post: info@ncse.ie